RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/1248 ÓN gCOIMISIÚN

an 19 Iúil 2022

maidir le bláthola as *Origanum vulgare* ssp. *hirtum* (Link) Ietsw. a údarú mar bhreiseán beathaithe le haghaidh speicis áirithe ainmhíocha

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2003 maidir le breiseáin lena n-úsáid i gcothú ainmhithe ([1]), agus go háirithe Airteagal 9(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 foráiltear d'údarú breiseán lena n-úsáid i gcothú ainmhithe agus don fhoras agus do na nósanna imeachta chun an t-údarú sin a dheonú. Le hAirteagal 10(2) den Rialachán sin foráiltear d'athmheastóireacht ar bhreiseáin a údaraítear de bhun Threoir 70/524/CEE ón gComhairle ([2]).

(2) I gcomhréir le Treoir 70/524/CEE údaraíodh bláthola as *Origanum vulgare* gan teorainn ama mar bhreiseán beathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíocha. Ina dhiaidh sin cuireadh an breiseán i gClár na mbreiseán beathaithe mar tháirge a bhí ann cheana, i gcomhréir le hAirteagal 10(1)(b) de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003.

(3) I gcomhréir le hAirteagal 10(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 i gcomhar le hAirteagal 7 de, cuireadh isteach iarratas chun athmheastóireacht a dhéanamh ar bhláthola as *Origanum vulgare* ssp. *hirtum* (Link) Ietsw. i leith gach speicis ainmhíoch.

(4) D'iarr an t-iarratasóir go n-aicmeofaí an breiseán sa chatagóir breiseán 'breiseáin chéadfacha' agus san fheidhmghrúpa 'comhdhúile blaistithe'. Bhí na sonraí agus na doiciméid a cheanglaítear faoi Airteagal 7(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ag gabháil leis an iarratas sin.

(5) I dtuairim an 12 Samhain 2019 ón Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ('an tÚdarás') ([3]), is é an chonclúid ar ar thángthas nach bhfuil éifeachtaí díobhálacha ag bláthola as *Origanum vulgare* ssp. *hirtum* (Link) Ietsw. ar shláinte ainmhithe, ar shláinte tomhaltóirí ná ar an gcomhshaol, faoi na coinníollacha úsáide atá beartaithe. Tháinig an tÚdarás ar an gconclúid freisin gur cheart a mheas gur greannaitheoir don chraiceann agus do na súile í bláthola as *Origanum vulgare* ssp. *hirtum* (Link) Ietsw. agus gur íogróir craicinn agus riospráide féideartha atá inti. Dá bhrí sin, measann an Coimisiún gur cheart bearta cosanta iomchuí a dhéanamh chun éifeachtaí díobhálacha ar shláinte an duine a chosc, go háirithe a mhéid a bhaineann le húsáideoirí an bhreiseáin.

(6) Tháinig an tÚdarás ar an gconclúid freisin go bhfuil bláthola as *Origanum vulgare* ssp. *hirtum* (Link) Ietsw. aitheanta mar bhlastán bia agus go mbeadh an fheidhm chéanna aici i mbeatha ainmhithe, go bunúsach, is atá aici i mbia, agus dá bhrí sin meastar nach gá le héifeachtúlacht a léiriú a thuilleadh. D'fhíoraigh sé freisin an tuarascáil ar na modhanna a úsáidtear chun anailís a dhéanamh ar an mbreiseán beathaithe agus é i mbeatha, tuarascáil arna cur isteach ag an Saotharlann Tagartha a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003.

(7) Léirítear leis an measúnú ar bhláthola as *Origanum vulgare* ssp. *hirtum* (Link) Ietsw. go gcomhlíontar na coinníollacha maidir le húdarú, dá bhforáiltear in Airteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003. Dá réir sin, ba cheart úsáid na substainte sin a údarú mar a shonraítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

([1]) IO L 268, 18.10.2003, lch. 29.
([2]) Treoir 70/524/CEE ón gComhairle an 23 Samhain 1970 maidir le breiseáin in ábhair bheatha (IO L 270, 14.12.1970, lch. 1).
([3]) EFSA Journal [Iris EFSA], 2019;17(12):5909.

(8) Tá roinnt comhpháirteanna sa bhreiseán lena mbaineann amhail carbhacról agus tíomól ar léiríodh éifeachtaí zóiteicniúla ina leith i mbreiseáin áirithe atá údaraithe cheana féin. D'fhonn cosc a chur ar úsáid dáileoga a bhféadfadh na héifeachtaí zóiteicniúla sin a bheith acu, is gá uaschion a bhunú mar choinníoll maidir le bhláthola as *Origanum vulgare* ssp. *hirtum* (Link) Ietsw. a úsáid mar bhlastán i mbeatha.

(9) Ós rud é nach gceanglaítear, ar chúiseanna sábháilteachta, go gcuirfear na modhnuithe i bhfeidhm láithreach ar na coinníollacha maidir le húdarú i leith na substainte lena mbaineann, is iomchuí go mbeadh idirthréimhse ag na páirtithe leasmhara chun iad féin a ullmhú chun na ceanglais nua a eascraíonn as athnuachan an údaraithe a chomhlíonadh.

(10) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Údarú

An tsubstaint a shonraítear san Iarscríbhinn, agus a bhaineann leis an gcatagóir breiseán 'breiseáin chéadfacha' agus leis an bhfeidhmghrúpa 'comhdhúile blaistithe', údaraítear í mar bhreiseán i gcothú ainmhithe, faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Iarscríbhinn sin.

Airteagal 2

Bearta idirthréimhseacha

1. An tsubstaint a shonraítear san Iarscríbhinn agus réamh-mheascáin a bhfuil an tsubstaint sin iontu, a tháirgtear agus a lipéadaítear roimh 9 Feabhra 2023, i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme roimh 9 Lúnasa 2022, féadfar leanúint dá gcur ar an margadh agus dá n-úsáid go dtí go mbeidh na stoic atá ann cheana ídithe.

2. Beatha cumaisc agus ábhair bheatha a bhfuil an tsubstaint seo iontu faoi mar a shonraítear san Iarscríbhinn a tháirgtear agus a lipéadaítear roimh 9 Lúnasa 2023 i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme roimh 9 Lúnasa 2022 féadfar leanúint dá gcur ar an margadh agus dá n-úsáid go dtí go mbeidh na stoic atá ann cheana ídithe i gcás ina mbeidh sé beartaithe iad a úsáid le haghaidh bia-ainmhithe.

Airteagal 3

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 19 Iúil 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

Uimhir aitheantais an bhreiseáin	Ainm shealbhóir an údaraithe	Breiseán	Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse	Speiceas nó catagóir ainmhí	Uasteorainn aoise	Íoschion	Uaschion	Forálacha eile	Deireadh na tréimhse údaraithe
						mg de shubstaint ghníomhach/kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %			
Catagóir: Breiseáin chéadfacha. Feidhmghrúpa: Comhdhúile blaistithe									
2b317-e-o-i	-	Bláthola as *Origanum vulgare* fospeiceas ssp *hirtum* (Link) Ietsw.	*Comhdhéanamh an bhreiseáin* Bláthola as *Origanum vulgare* fospeiceas ssp *hirtum* (Link) Ietsw. *Tréithriú na substainte gníomhaí* Bláthola as *Origanum vulgare* fospeiceas ssp *hirtum* (Link) Ietsw. mar atá sainithe ag An Chomhairle Eorpach ([1]). Carbhacról: ≥ 75 % Tíomól: ≤ 2.7 % γ-Teirpinéin: ≤ 3.8 % *p-Címín:* ≤ 6.2 % Uimhir Chomhairle na hEorpa: 317 Uimhir CAS: 336185-21-8 Uimhir FEMA: 2660 *Modh anailíse* ([2]) Maidir le carbhacról (marcóir fiticheimiceach) sa bhreiseán beathaithe a chinneadh: — crómatagrafaíocht gháis cúpláilte le brath ianúcháin lasrach (GC-FID) – ISO 13171.	Sicíní lena ramhrú	-	-	22	1. Déanfar an breiseán a ionchorprú sa bheatha i bhfoirm réamh-mheascáin. 2. Sna treoracha maidir le húsáid an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, déanfar na dálaí stórála agus cobhsaíochta a shonrú. 3. Ní cheadófar meascáin de bhláthola as *Origanum vulgare* L. fospeiceas *hirtum* (Link) Ietsw. agus breiseáin údaraithe eile a fhaightear as *Origanum vulgare* L. in ábhair bheatha. 4. I gcás úsáideoirí an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, bunóidh oibreoirí gnólachtaí beatha nósanna imeachta oibríochtúla agus bearta eagraíochtúla chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí a d'fhéadfadh eascairt as ionanálú, as teagmháil dheirmeach nó as teagmháil leis na súile. I gcás nach féidir na rioscaí sin a dhíothú nó a laghdú an oiread agus is féidir leis na nósanna imeachta agus na bearta sin, úsáidfear an breiseán agus na réamh-mheascáin le trealamh cosanta pearsanta, lena n-áirítear cosaint don chraiceann, do na súile, agus don análú.	9.8.2032
				Béaróga	-	-	33		
				Turcaithe lena ramhrú	-	-	30		
				Bainbh	-	-	40		
				Muca lena ramhrú	-	-	48		
				Cránacha	-	-	63		
				Ba déiríochta	-	-	57		
				Laonna	-	-	100		
				Eallaí lena ramhrú, caoirigh, gabhair agus capaill	-	-	88		
				Coiníní	-	-	35		
				Madraí	-	-	106		
				Cait			18		
				Salmainidí	-	-	101		
				Éisc ornáideacha	-	-	150		

([1]) *Natural sources of flavourings - Report No. 2* [Foinsí nádúrtha bhlastán - Tuarascáil Uimh. 2] (2007)

([2]) Tá sonraí faoi na modhanna anailíse ar fáil ag an seoladh seo a leanas sa tSaotharlann Tagartha: https://joint-research-centre.ec.europa.eu/eurl-fa-eurl-feed-additives/eurl-fa-authorisation/eurl-fa-evaluation-reports_en